Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2023)0452

An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Ciribeas (2023-2028). Prótacal Cur chun feidhme

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) (09862/2023 – C9-0356/2023 – 2023/0147(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (09862/2023),

– ag féachaint don dréacht-Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028) (09890/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) mar aon le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0356/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt agus ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0380/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí

na mBallstát agus Phoblacht Chiribeas.